# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1329 ÓN gCOIMISIÚN

**an 10 Lúnasa 2021**

**lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, (AE) 2020/2236, (AE) 2021/403 agus (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an idirthréimhse maidir le húsáid na ndeimhnithe sláinte ainmhithe, na ndeimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla agus na ndeimhnithe oifigiúla is gá chun coinsíneachtaí áirithe a theacht isteach san Aontas**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagail 213(2), 224(4), 230(1), 238(3) agus 239(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([2]), agus go háirithe Airteagal 90 agus Airteagal 126(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ([3]), (AE) 2020/2236 ([4])agus (AE) 2021/403 ón gCoimisiún ([5]), leagtar síos, *inter alia*, teimpléid na ndeimhnithe sláinte ainmhithe, na ndeimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla agus na ndeimhnithe oifigiúla a cheanglaítear a bheith ag gabháil le coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí lena dteacht isteach san Aontas. Glacadh na Rialacháin Cur Chun Feidhme sin faoi chuimsiú Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625. Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/429 agus na trí Rialachán Cur Chun Feidhme sin ón 21 Aibreán 2021.

(2) Le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, (AE) 2020/2236 agus (AE) 2021/403, déantar foráil maidir le hidirthréimhse le haghaidh coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas lena ngabhann na deimhnithe iomchuí is gá lena dteacht isteach san Aontas, deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir leis na deimhnithe

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha i dtaca le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1.).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe uisceacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a bheith ag teacht isteach san Aontas agus ag gluaiseacht laistigh den Aontas, a mhéid a bhaineann le deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008 (IO L 442, 30.12.2020, lch. 410).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1).

caighdeánacha ábhartha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais a bhí i bhfeidhm roimh an 21 Aibreán 2021, ar choinníoll go mbeidh siad sínithe go cuí roimh an 21 Lúnasa 2021. Ceanglaítear na deimhnithe sin a léamh i gcomhréir leis na forálacha idirthréimhseacha a leagtar síos sna Rialacháin Cur Chun Feidhme sin a mhéid a bhaineann le gníomh ar bith nach bhfuil feidhm aige a thuilleadh dá dtagraítear sna deimhnithe sin. Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse sin an 20 Deireadh Fómhair 2021.

(3) Ina theannta sin, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([6]), leagtar síos, *inter alia*, rialacha maidir leis na deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha atá le húsáid le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí áirithe ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha, ó thríú críocha nó ó chriosanna díobh. Foráiltear leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin d'fhorálacha idirthréimhseacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha, ó chríocha nó ó chriosanna díobh a theacht isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo a eisíodh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais a bhí i bhfeidhm roimh an 21 Aibreán 2021, ar choinníoll go mbeidh na deimhnithe sínithe go cuí roimh an 21 Lúnasa 2021. Ceanglaítear na deimhnithe sin a léamh i gcomhréir leis na forálacha idirthréimhseacha a leagtar síos sna Rialacháin Cur Chun Feidhme sin a mhéid a bhaineann le gníomh ar bith nach bhfuil feidhm aige a thuilleadh dá dtagraítear sna deimhnithe sin. Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse sin an 20 Deireadh Fómhair 2021.

(4) San idirthréimhse a ndéantar foráil maidir léi i Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, (AE) 2020/2236, (AE) 2021/403 agus (AE) 2021/404, ní thugtar am leordhóthanach na bearta is gá a chur i bhfeidhm i dtríú tíortha agus i dtríú críocha maidir le heisiúint na ndeimhnithe nua i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais is infheidhme ón 21 Aibreán 2021. Dá réir sin, ba cheart síneadh a chur leis an idirthréimhse a leagtar síos sna Rialacháin Cur Chun Feidhme sin go dtí an 15 Márta 2022, agus faoin am sin ba cheart na bearta is gá a bheith i bhfeidhm agus a bheith oibríochtúil. Ba cheart go gcuideodh an síneadh sin leis an aistriú chuig úsáid na ndeimhnithe nua dá bhforáiltear sna ceithre Rialachán Cur Chun Feidhme sin agus ba cheart go gcoiscfeadh sé aon bhriseadh gan ghá ar thrádáil a bhaineann le coinsíneachtaí a thagann faoi raon feidhme na Rialachán Cur Chun Feidhme sin a theacht isteach san Aontas.

(5) Dá bhrí sin, is gá síneadh a chur leis an idirthréimhse a leagtar síos i Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, (AE) 2020/2236, (AE) 2021/403 agus (AE) 2021/404 chun go mbeidh am leordhóthanach ag na tríú tíortha agus ag na tríú críocha na bearta is gá a chur i bhfeidhm i ndáil leis na ceanglais nua maidir le deimhniúchán is infheidhme ón 21 Aibreán 2021, go ceann tréimhse go dtí an 15 Márta 2022, ar choinníoll go síneodh an duine atá údaraithe chun an deimhniú a shíneadh an deimhniú féin roimh an 15 Eanáir 2022 chun aon bhriseadh sa trádáil a sheachaint.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, (AE) 2020/2236, (AE) 2021/403 agus (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(7) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, na leasuithe atá le déanamh ar Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, (AE) 2020/2236, (AE) 2021/403 agus (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo, ba cheart éifeacht a bheith ag na leasuithe sin mar ábhar práinne.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235**

In Airteagal 35 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Coinsíneachtaí de tháirgí de bhunadh ainmhíoch, táirgí ilchodacha, péacáin atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus síolta le haghaidh táirgeadh péacán atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, coinsíneachtaí a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 28/2012 agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/628, glacfar isteach san Aontas iad go dtí an 15 Márta 2022 ar choinníoll go raibh an deimhniú sínithe ag an duine atá údaraithe chun an deimhniú a shíniú i gcomhréir leis an Rialachán sin agus leis an Rialachán Cur Chun Feidhme roimh an 15 Eanáir 2022."

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236**

In Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Coinsíneachtaí d'ainmhithe uisceacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a bhfuil an deimhniú sláinte ainmhithe iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008, glacfar isteach san Aontas iad go dtí an 15 Márta 2022 ar choinníoll go raibh an deimhniú sláinte ainmhithe sínithe ag cigire oifigiúil roimh an 15 Eanáir 2022."

*Airteagal 3*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403**

In Airteagal 27 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Coinsíneachtaí d'ainmhithe talún agus táirgí geirmeacha a thagann uathu a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i Rialacháin (CE) Uimh. 798/2008 agus (AE) Uimh. 206/2010, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 139/2013 agus (AE) 2018/659, Cinntí 2006/168/CE agus 2010/472/AE, agus i gcomhréir le Cinntí Cur Chun Feidhme 2011/630/AE, 2012/137/AE agus (AE) 2019/294 freisin, glacfar isteach san Aontas iad go dtí an 15 Márta 2022 ar choinníoll go raibh an deimhniú sínithe ag an duine atá údaraithe chun an deimhniú a shíniú i gcomhréir leis na Rialacháin, leis na Rialacháin Chur Chun Feidhme, leis na Cinntí agus leis na Cinntí Cur Chun Feidhme sin roimh an 15 Eanáir 2022."

*Airteagal 4*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404**

In Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha, ó chríocha nó ó chodanna de thríú tíortha a bhfuil a dteacht isteach san Aontas údaraithe i gcomhréir leis na gníomhartha a leanas, agus an deimhniú iomchuí arna eisiúint i gcomhréir leis na gníomhartha sin ag gabháil leo, is ceadmhach a dteacht isteach san Aontas go dtí an 15 Márta 2022 ar choinníoll gur shínigh duine an deimhniú arb é an duine é atá údaraithe an deimhniú a shíniú i gcomhréir leis na gníomhartha sin roimh an 15 Eanáir 2022:

— Rialachán (CE) Uimh. 798/2008,

— Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008,

— Rialachán (AE) Uimh. 206/2010,

— Rialachán (AE) Uimh. 605/2010,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 139/2013,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/759,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/659,

— Cinneadh 2006/168/CE,

— Cinneadh 2007/777/CE,

— Cinneadh 2008/636/CE,

— Cinneadh 2010/472/AE,

— Cinneadh 2011/630/AE,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/137/AE,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/294."

*Airteagal 5*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Lúnasa 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN